Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**8110/18**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0108 (COD)**

**JAI 323**
**COPEN 104**
**CYBER 66**
**DROIPEN 53**
**JAIEX 27**
**ENFOPOL 171**
**TELECOM 94**
**DAPIX 106**
**EJUSTICE 27**
**MI 269**
**IA 101**
**CODEC 577**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Aibreán 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 225 final IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 3 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 225 final IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 3 ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: COM(2018) 225 final IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 3

AN COIMISIÚN EORPACH

Strasbourg, 17.4.2018
COM(2018) 225 final

ANNEXES 1 to 3

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla**

{SWD(2018) 118 final} - {SWD(2018) 119 final}

## IARSCRÍBHINN I

## DEIMHNIÚ UM ORDÚ EORPACH CHUN FIANAISE A THABHAIRT AR AIRD (EPOC) MAIDIR LE

## FIANAISE LEICTREONACH A THABHAIRT AR AIRD

Faoi Rialachán (AE)…[1]. ní mór do sheolaí an Deimhnithe um Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird (EPOC) an EPOC a fhorghníomhú agus caithfidh sé na sonraí a iarradh a tharchur chuig an údarás a léirítear faoi phointe (i) de Roinn G den EPOC. Mura gcuirfear na sonraí ar fáil, ní mór don seolaí, tar éis an EPOC a fháil, na sonraí a iarradh a chaomhnú, ach amháin mura gceadaíonn an fhaisnéis atá san EPOC dó na sonraí sin a aithint. Seasfar leis an gcaomhnú nó go dtabharfar na sonraí ar aird nó go dtí go léireoidh an t-údarás eisiúna nó an t-údarás forfheidhmithe nuair is infheidhme, nach bhfuil gá a thuilleadh le sonraí a chaomhnú agus a thabhairt ar aird.

Ní mór don seolaí na céimeanna is gá a ghlacadh chun rúndacht an EPOC agus rúndacht na sonraí a thabharfar ar aird nó a chaomhnófar a áirithiú.

CUID A:

Stát Eisiúna: ……………………………………………………………………………………..

NB: tá sonraí an údaráis eisiúna le soláthar ag an deireadh (Cuid E agus Cuid F)

Seolaí:………………………………………………………………………………

CUID B: Sprioc-amanna

Ní mór na sonraí a iarradh a thabhairt ar aird (cuir tic sa bhosca cuí agus comhlánaigh, más gá):

□ laistigh de 10 lá ar a dhéanaí

□ laistigh de shé uair an chloig ar a dhéanaí i gcás éigeandála ina mbeidh:

□ garbhaol do bheatha nó do shláine coirp duine. Údar maith, más gá: ………………………………………………………………………………………………….

□ garbhaol do bhonneagar ríthábhachtach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(a) de Threoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagar ríthábhachtach Eorpach a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint an bhonneagair sin a fheabhsú.

□ laistigh de thréimhse ama eile (sonraigh): ………………..…………………..….. de bharr:

□ go bhfuil garbhaol ann go scriosfar na sonraí a iarradh
□ bearta imscrúdaitheacha práinneacha eile
□ go bhfuil dáta na trialach i ngar
□ go bhfuil duine atá faoi dhrochamhras / duine atá cúisithe faoi choimeád
□ cúiseanna eile: ………………………..........................................................................

[1] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus maidir le hOrduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla(*IO L …*)

CUID C: Faisnéis úsáideora

Tabhair do d'aire, le do thoil, (cuir tic leis, más infheidhme):

□ nach mór don seolaí **staonadh ón duine** a bhfuil a chuid nó a cuid sonraí á lorg**a chur ar an eolas** faoin EPOC.

CUID D: Fianaise leictreonach atá le tabhairt ar aird

(i) baineann an EPOC seo le (cuir tic sa bhosca/sna boscaí ábhartha):

□ sonraí rannpháirtí, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do:

□ ainm, seoladh, dáta breithe, sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin) agus faisnéis ábhartha eile a bhaineann le céannacht an úsáideora/shealbhóir na suibscríbhinne

□ dáta agus am an chéad chlárúcháin, an cineál clárúcháin, cóip de chonradh, modhanna chun céannacht a fhíorú ag nóiméad an chlárúcháin, cóipeanna de dhoiciméid a chuir an rannpháirtí ar fáil

□ an cineál seirbhíse, lena n-áirítear aitheantóir (uimhir theileafóin, seoladh IP, uimhir an chárta SIM, seoladh MAC) agus gléas(anna) gaolmhar(a)

□ faisnéis phróifíle (ainm an úsáideora, grianghraf próifíle)

□ sonraí maidir le bailíochtú úsáid na seirbhíse, amhail seoladh ríomhphoist malartach a chuir an t-úsáideoir/sealbhóir na suibscríbhinne ar fáil

□ faisnéis maidir le cárta creidmheasa nó le cárta dochair (a chuir an t-úsáideoir ar fáil chun críocha billeála) lena n-áirítear modhanna íocaíochta eile

□ cóid-PUK

□ sonraí rochtana, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do:

□ thaifid nasctha IP / logaí chun críocha aitheantais

□ sonraí idirbheartaíochta:

□ sonraí tráchta, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta dóibh seo a leanas:

(a) i gcomhair teileafónaíocht (mhóibíleach):

□ aitheantóirí (A) amach agus (B) isteach (uimhir theileafóin, IMSI, IMEI)

□ am agus fad ama na nasc

□ iarrachtaí glao

□ aitheantas an stáisiúin bunáite, lena n-áirítear faisnéis gheografach (comhordanáidí X/Y), ag an am ar tosaíodh agus ag an am ar críochnaíodh an nasc

□ iompróir / an teilisheirbhís a úsáideadh (e.g. UMTS, GPRS)

(b) i gcomhair an idirlín:

□ faisnéis ródúcháin (seoladh IP na foinse, seoladh/seoltaí IP an chinn scríbe, uimhir/uimhreacha p(h)oirt, brabhsálaí, faisnéis maidir le ceanntásc ríomhphoist, aitheantas teachtaireachta)

□ aitheantas an stáisiúin bunáite, lena n-áirítear faisnéis gheografach (comhordanáidí X/Y), ag an am ar tosaíodh agus ag an am ar críochnaíodh an nasc

□ méid na sonraí

(c) i gcomhair óstála:

□ comhaid loga
□ ticéid

□ stair cheannacháin

□ sonraí idirbheartaíochta eile, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta dóibh seo a leanas:

□ stair mhuirearaithe an iarmhéid réamhíoctha
□ liosta teagmhálaithe

□ sonraí inneachair, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta dóibh seo a leanas:

□ dumpa bosca ríomhphoist (gréasáin)
□ dumpa stórála ar líne (sonraí arna nginiúint ag úsáideoirí)
□ dumpa leathanaigh
□ loga/cúltaca teachtaireachta
□ dumpa glórphoist
□ inneachar freastalaí
□ cúltaca gléis

(ii) tá an fhaisnéis thíos á cur ar fáil duit chun forghníomhú an EPOC a cheadú:

□ seoladh IP:……………………………………………………………………..
□ Uimhir theileafóin:……………………………………………………………….
□ Seoladh ríomhphoist:……………………………………………………………...
□ uimhir IMEI:…………………………………………………………………….
□ Seoladh MAC:………………………………………………………………….
□ An duine/na daoine a bhfuil a gcuid sonraí á lorg:………………………………...
□ Ainm na seirbhíse: ………………………………………………………
□ Eile: …………………………………………………………………………….

(iii) An raon ama a n-iarrtar é a thabhairt ar aird, más infheidhme:

……..……………………………………………………………………………………….

(iv) Tabhair do d'aire (cuir tic leis agus comhlánaigh más infheidhme):

□ gur caomhnaíodh na sonraí i gcomhréir le hiarraidh ar chaomhnú roimhe seo a d'eisigh…………………….………………………………………..…… (léirigh an t-údarás, agus, má tá sé ar fáil, dáta tarchurtha na hiarrata agus an uimhir thagartha) agus a tarchuireadh chuig ……………………………………..…………………… (léirigh

an soláthraí seirbhíse/an t-ionadaí dlíthiúil/an t-údarás poiblí a ndearnadh í a tharchur chuige agus, má tá sí ar fáil, an uimhir thagartha a thug an seolaí)

(v) Cineál agus rangú dlí an chiona/na gcionta a bhfuil an EPOC á eisiúint ina leith agus an fhoráil/cód reachtúil is infheidhme:

…………………………………………..…………………………………..…………………

Tá an EPOC reatha á eisiúint i gcomhair sonraí idirbheartaíochta agus / nó sonraí inneachair agus tá sé bainteach (cuir tic sa bhosca/sna boscaí ábhartha, más infheidhme):

☐ le cion/cionta coiriúil/coiriúla atá inphionóis sa Stát eisiúna le pianbhreith choimeádta ar feadh uastréimhse trí bliana ar a laghad;

☐ leis an gcion/na cionta seo a leanas, más amhlaidh go ndearnadh an chion/na cionta sin go hiomlán nó go páirteach trí chóras faisnéise:

☐ le cion/cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 de Chinneadh Réime 2001/413/CGB;

☐ le cion/cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3 go hAirteagal 7 de Threoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

☐ le cion/cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3 go hAirteagal 8 de Threoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

☐ le cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3 go hAirteagal 12 agus in Airteagal 14 de Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(vi) Tabhair do d'aire, le do thoil, (cuir tic leis, más infheidhme):

☐ Go bhfuil na sonraí atá á lorg á stóráil nó á bpróiseáil mar chuid den bhonneagar atá á chur ar fáil ag soláthraí seirbhíse do chuideachta nó d'eintiteas eile seachas daoine nádúrtha, agus go bhfuil an EPOC reatha á dhíriú ar an soláthraí seirbhíse mar nach bhfuil bearta imscrúdaitheacha a bheadh dírithe ar an gcuideachta nó ar an eintiteas iomchuí, go háirithe ar an gcúis go bhféadfaidís an t-imscrúdú a chur i mbaol.

(vii) Aon fhaisnéis ábhartha eile:

…………………………………………..…………………………………..………………

CUID E: Sonraí an údaráis a d'eisigh an EPOC

An cineál údaráis a d'eisigh an EPOC seo (cuir tic sa bhosca ábhartha):

□ breitheamh, cúirt, nó breitheamh imscrúdaithe

□ ionchúisitheoir poiblí (i gcomhair sonraí rannpháirtí agus sonraí rochtana)

□ ionchúisitheoir poiblí (i gcomhair sonraí idirbheartaíochta agus sonraí inneachair) → comhlánaigh Cuid (F) freisin

□ aon údarás inniúil eile arna shainmhíniú ag an Stát eisiúna → comhlánaigh Cuid (F) freisin

Sonraí an údaráis eisiúna agus /nó a ionadaí a dheimhníonn go bhfuil inneachar an EPOC cruinn agus ceart:

Ainm an údaráis:………………………………………..…………………………………..

Ainm a ionadaí:………….………………………...……………………………………

Post atá aige/aici (teideal/grád):…………………………………………...…………………………

Uimhir an chomhaid:….…………………………………………………………..…………………
…..

Seoladh:…………………………………………………………………………..……………..

Uimhir Theileafóin: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)……………………………………….....

Uimhir Facs: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)……………………………………….....

Ríomhphost:……………………………………………………………………………..……
…….

Dáta: ……………………………………………………………………………….…………

Stampa oifigiúil (má tá sé ar fáil) agus síniú:……………………………………………...……

CUID F: Sonraí an údaráis a bhailíochtaigh an EPOC

An cineál údaráis a bhailíochtaigh an EPOC seo (cuir tic sa bhosca ábhartha, más infheidhme):

□ breitheamh, cúirt, nó breitheamh imscrúdaithe
□ ionchúisitheoir poiblí (i gcomhair sonraí rannpháirtí agus sonraí rochtana)

Sonraí an údaráis bailíochtaithe agus /nó a ionadaí a dheimhníonn go bhfuil inneachar an EPOC cruinn agus ceart:

Ainm an údaráis:………………………………………..…………………………………..

Ainm a ionadaí:………….………………………...……………………………………

Post atá aige/aici
(teideal/grád):…………………………………………...…………………………

Uimhir an Chomhaid:…………………………………………..………………………..……………
….

Seoladh: ………………………………………………...……………………..…………..

Uimhir Theileafóin: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)……………………………………….....

Uimhir Facs: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)……………………………………….....

Ríomhphost:……………………………………………………………………………..……

| |
|---|
| ……. |
| Dáta: …………………………………………………………………………….……………………. |
| Stampa oifigiúil (má tá sé ar fáil) agus síniú:……………………………………………...…… |

| |
|---|
| CUID G: Aistriú sonraí agus sonraí teagmhála |
| (i) an tÚdarás nach mór na sonraí a aistriú chuige (cuir tic leis agus comhlánaigh, más gá): |
| □ údarás eisiúna,<br>□ údarás bailíochtaithe<br>□ údarás inniúil eile arna shainmhíniú ag an Stát eisiúna:........................................ |
| (ii) Údarás/pointe teagmhála ar féidir teagmháil a dhéanamh leis maidir le haon cheist a bhaineann le forghníomhú an EPOC:……………………….…………………………………………………………… |

## IARSCRÍBHINN II

## DEIMHNIÚ UM ORDÚ CAOMHNAITHE EORPACH (EPOC-PR) MAIDIR LE FIANAISE LEICTREONACH A CHAOMHNÚ

| |
|---|
| Faoi Rialachán (AE) ..[2]. ní mór do sheolaí an Deimhnithe um Ordú Caomhnaithe Eorpach (EPOC-PR), tar éis dó an EPOC-PR a fháil, na sonraí atá á n-iarraidh a chaomhnú gan aon mhoill mhíchuí. Scoirfear den chaomhnú tar éis 60 lá, mura ndeimhníonn an t-údarás eisiúna go bhfuil tús curtha le hiarraidh ina dhiaidh sin ar shonraí a thabhairt ar aird. Má dheimhníonn an t-údarás eisiúna, laistigh den 60 lá sin go bhfuil tús curtha le hiarraidh ina dhiaidh sin ar shonraí a thabhairt ar aird, ní mór don seolaí na sonraí a chaomhnú chomh fada agus is gá chun na sonraí a tabhairt ar aird a luaithe agus a dhéantar an iarraidh ina dhiaidh sin ar shonraí a thabhairt ar aird a sheirbheáil.<br>Ní mór don seolaí na céimeanna is gá a ghlacadh chun **rúndacht** an EPOC-PR agus rúndacht na sonraí a chaomhnófar nó a thabharfar ar aird a áirithiú. |

| |
|---|
| CUID A:<br>Stát Eisiúna: ……………………………………………………………………………………<br>NB: tá sonraí an údaráis eisiúna le soláthar ag an deireadh (Cuid D agus Cuid E)<br>Seolaí:……………...…………..…………………………………………………………..… |

| |
|---|
| CUID B: Faisnéis úsáideora<br>Tabhair do d'aire, le do thoil, (cuir tic leis, más infheidhme):<br>□ nach mór don seolaí **staonadh ón duine** a bhfuil a chuid nó a cuid sonraí á lorg**a chur ar an eolas** faoin EPOC-PR. |

| |
|---|
| CUID C: Fianaise leictreonach atá le caomhnú<br>(i) Baineann an EPOC-PR le (cuir tic sa bhosca/sna boscaí ábhartha):<br>□ sonraí rannpháirtí, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta dóibh seo a leanas:<br>□ ainm, seoladh, dáta breithe, sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin) agus faisnéis ábhartha eile a bhaineann le céannacht an úsáideora/shealbhóir na suibscríbhinne<br>□ dáta agus am an chéad chlárúcháin, an cineál clárúcháin, cóip de chonradh, modhanna chun céannacht a fhíorú ag nóiméad an chlárúcháin, cóipeanna de dhoiciméid a chuir an rannpháirtí ar fáil<br>□ an cineál seirbhíse, lena n-áirítear aitheantóir ( uimhir theileafóin, seoladh IP, uimhir an chárta SIM, seoladh MAC) agus gléas(anna) gaolmhar(a)<br>□ faisnéis phróifíle (ainm an úsáideora, grianghraf próifíle) |

[2] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus maidir le hOrduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla(*IO L* …)

□ sonraí maidir le bailíochtú úsáid na seirbhíse, amhail seoladh ríomhphoist malartach a chuir an t-úsáideoir/sealbhóir na suibscríbhinne ar fáil

□ faisnéis maidir le cárta creidmheasa nó le cárta dochair (a chuir an t-úsáideoir ar fáil chun críocha billeála) lena n-áirítear modhanna íocaíochta eile

□ cóid-PUK

□ sonraí rochtana, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta dóibh seo a leanas:

□ taifid nasctha IP / logaí chun críocha aitheantais

□ sonraí idirbheartaíochta:

□ sonraí tráchta, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do:

(a) i gcomhair teileafónaíocht (mhóibíleach):

□ aitheantóirí (A) amach agus (B) isteach (uimhir theileafóin, IMSI, IMEI)

□ am agus fad ama na nasc

□ iarrachtaí glao

□ aitheantas an stáisiúin bunáite, lena n-áirítear faisnéis gheografach (comhordanáidí X/Y), ag an am ar tosaíodh agus ag an am ar críochnaíodh an nasc

□ iompróir / an teilisheirbhís a úsáideadh (e.g. UMTS, GPRS)

(b) i gcomhair an idirlín:

□ faisnéis ródúcháin (seoladh IP na foinse, seoladh/seoltaí IP an chinn scríbe, uimhir/uimhreacha p(h)oirt, brabhsálaí, faisnéis maidir le ceanntásc ríomhphoist, aitheantas teachtaireachta)

□ aitheantas an stáisiúin bunáite, lena n-áirítear faisnéis gheografach (comhordanáidí X/Y), ag an am ar tosaíodh agus ag an am ar críochnaíodh an nasc

□ méid na sonraí

(c) i gcomhair óstála:

□ comhaid loga

□ ticéid

□ stair cheannacháin

□ sonraí idirbheartaíochta eile, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta dóibh seo a leanas:

□ stair mhuirearaithe an iarmhéid réamhíoctha

□ liosta teagmhálaithe

□ sonraí inneachair, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta dóibh seo a leanas:

□ dumpa bosca ríomhphoist (gréasáin)

□ dumpa stórála ar líne (sonraí arna nginiúint ag úsáideoirí)

□ dumpa leathanaigh

□ loga/cúltaca teachtaireachta

□ dumpa glórphoist

□ inneachar freastalaí

□ cúltaca gléis

(ii) Tá an fhaisnéis thíos á cur ar fáil duit chun forghníomhú an EPOC-PR a cheadú:

□ seoladh IP:…………………………………………………………………………..

- Uimhir theileafóin:……………………………………………………………………….
- Seoladh ríomhphoist:………………………………………………………………...
- uimhir IMEI:………………………………………………………………………
- Seoladh MAC:………………………………………………………………….
- An duine/na daoine a bhfuil a gcuid sonraí á lorg:……………………………....
- Ainm na seirbhíse: ……………………………………………………………
- Eile: ……………………………………………………….……………………

(iii) An raon ama a n-iarrtar é a chaomhnú, más infheidhme:

……..……………………………………………………………………………………….

(iv) Cineál agus rangú dlí an chiona/na gcionta a bhfuil an EPOC-PR á eisiúint ina leith agus an fhoráil/cód reachtúil is infheidhme:

…………………………………………………………………………..…………..……
(v) Aon fhaisnéis ábhartha eile:

……………………………………………………………………………………………..

CUID D: Sonraí an údaráis a d'eisigh an EPOC-PR

An cineál údaráis a d'eisigh an EPOC-PR seo (cuir tic sa bhosca ábhartha):
□ breitheamh, cúirt, nó breitheamh imscrúdaithe
□ ionchúisitheoir poiblí
□ aon údarás inniúil eile arna shainmhíniú ag dlí an Stáit eisiúna → comhlánaigh Cuid (E) freisin

Sonraí an údaráis eisiúna agus/nó a ionadaí a dheimhníonn go bhfuil inneachar an EPOC-PR cruinn agus ceart:

Ainm an údaráis:……………………………………..…………………………………..

Ainm a ionadaí:…………..…………………...……………………………………

Post atá aige/aici (teideal/grád):……………………………………………...…………………………

Uimhir an Chomhaid:.…………………………………………………………..……………………..

Seoladh:.………………………………………………………….……………………..

Uimhir Theileafóin: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)………………………………………….....

Uimhir Facs: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)……………………………………….....

Ríomhphost:……………………………………………………………………..……
…….

Dáta: ……………………………………………………………………………………

Stampa oifigiúil (má tá sé ar fáil) agus síniú:……………………………………………...……

CUID E: Sonraí an údaráis a bhailíochtaigh an EPOC-PR

An cineál údaráis a bhailíochtaigh an EPOC-PR seo (cuir tic sa bhosca ábhartha):

□ breitheamh, cúirt, nó breitheamh imscrúdaithe
□ ionchúisitheoir poiblí

Sonraí an údaráis bailíochtaithe agus/nó a ionadaí a dheimhníonn go bhfuil inneachar an EPOC-PR cruinn agus ceart:

Ainm an údaráis:…………………………………..…………………………………..

Ainm a ionadaí:…………….…………………...……………………………………

Post atá aige/aici (teideal/grád):………………………………………...…………………………

Uimhir an Chomhaid:………………………………………………………………….……………
…..

Seoladh: ………………………………………………………………………………..

Uimhir Theileafóin: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)…………………………………………....

Uimhir Facs: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)…………………………………………....

Ríomhphost:……………………………………………………………………..……
…….

Dáta: ……………………………………………………………………………………..

Stampa oifigiúil (má tá sé ar fáil) agus síniú:…………………………………………...……

CUID F: Sonraí teagmhála

An t-údarás ar féidir teagmháil a dhéanamh leis maidir le haon cheist a bhaineann le forghníomhú an EPOC-PR:……………………….…………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………

# IARSCRÍBHINN III

## FAISNÉIS MAIDIR LEIS AN DODHÉANTACHT A BHAINEANN LE EPOC-PR A FHORGHNÍOMHÚ

CUID A:

Baineann an fhaisnéis seo a leanas leis an:

□ Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird (EPOC)

□ Ordú Caomhnaithe Eorpach (EPOC-PR)

CUID B:

Seolaí an EPOC / EPOC-PR: ……..……………………………………………………..

An tÚdarás a d'eisigh an EPOC / EPOC-PR: …………………………..…………………

An tÚdarás a bhailíochtaigh an EPOC / EPOC-PR, más infheidhme: ……………………………….

CUID C:

Tagairt chomhaid sheolaí an EPOC / EPOC-PR: ……………………….…………….

Tagairt chomhaid an údaráis eisiúna: …………………………………………………………

Tagairt chomhaid an údaráis bhailíochtaithe, más infheidhme: ................................................................

Dáta tarchurtha an EPOC / EPOC-PR, má tá sé ar fáil: ………………..…………………

CUID D: Na cúiseanna nach ndearnadh an forghníomhú

(i) Ní fhéadfar an EPOC / EPOC-PR a fhorghníomhú nó ní fhéadfar é a fhorghníomhú laistigh den sprioc-am a iarradh ar an gcúis/ar na cúiseanna seo a leanas:

□ tá an EPOC / EPOC-PR neamhiomlán

□ tá earráidí follasacha san EPOC / EPOC-PR

□ níl dóthain faisnéise san EPOC / EPOC-PR

□ *force majeure* nó dodhéantacht de facto nach é an seolaí ná an soláthraí seirbhíse is cúis leo

□ níor eisigh nó níor bhailíochtaigh údarás eisiúna an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird de réir mar a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) ...

□ níor eisigh nó níor bhailíochtaigh údarás eisiúna an tOrdú Caomhnaithe Eorpach de réir mar a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) ...

□ níor eisíodh nó níor bailíochtaíodh an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird i leith ciona amhail dá bhforáiltear in Airteagal 5(4) de Rialachán (AE)...

□ ní chumhdaítear an tseirbhís faoi raon feidhme an Rialacháin (AE)...

□ ní bhaineann an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird / an tOrdú Caomhnaithe Eorpach le sonraí a bhí á stóráil ag an soláthraí seirbhíse ná le sonraí a bhí á stóráil thar a cheann ag an am a bhfuarthas an EPOC / EPOC-PR

□ bunaithe ar an bhfaisnéis atá san EPOC / EPOC-PR, agus uirthi sin amháin, is léir go sáraíonn an EPOC / EPOC-PR an Chairt go follasach nó go bhfuil sé mí-úsáideach go follasach.

□ bheadh easaontacht idir comhlíonadh an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus an dlí / na dlíthe is infheidhme i dtríú tír, ar dlíthe iad lena dtoirmisctear nochtadh na sonraí lena mbaineann.

(ii) Tabhair míniú breise, le do thoil, ar na cúiseanna nach ndearnadh an forghníomhú sa chás seo agus, más gá, léiriú ar chúiseanna eile nach bhfuil liostaithe faoi phointe (i) den Chuid seo á chur san áireamh agat:

………………………………………………………………………………………….

CUID E: Easaontacht oibleagáidí, a eascraíonn as dlí tríú tír

I gcás easaontacht oibleagáidí a eascraíonn as dlí tríú tír, cuir an fhaisnéis seo a leanas san áireamh:

- teideal dhlí/dhlíthe an tríú tír, lena n-áirítear an fhoráil/na forálacha ábhartha:

………………………………………………………………………….……………………….

- téacs na forála/na bhforálacha ábhartha:

……………………………………………..………………………………..…………….

- cineál na heasaontachta oibleagáide, lena n-áirítear an leas atá faoi chosaint ag dlí an tríú tír:

□ cearta bunúsacha daoine aonair (sonraigh le do thoil):

…………………………………………………………………………….……………..

□ leasanna bunúsacha an tríú tír a bhaineann le slándáil náisiúnta agus le cosaint (sonraigh le do thoil):

………………………………………………………………………………………………..

□ leasanna eile (sonraigh le do thoil):

……………………………………………..……………………………………………….

- mínigh an chúis a bhfuil an dlí infheidhme sa chás seo:

…………………………………………………..…………………….…..……………..

- mínigh an chúis a measann tú go bhfuil easaontacht ann sa chás seo:

…………………………………………………………………..……………………………

- mínigh an nasc atá idir an soláthraí seirbhíse agus an tríú tír i dtrácht:

……………………………………………………………………………….……………..

- na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don seolaí dá ndéanfadh sé an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a chomhlíonadh, lena n-áirítear na smachtbhannaí a d'fhéadfaí a thabhú:

…………………………………………………………………………………...…………………..…...

CUID F: An fhaisnéis atá á hiarraidh

Tá tuilleadh faisnéise á héileamh ar an údarás eisiúna chun go ndéanfar an EPOC/ EPOC-PR a fhorghníomhú (comhlánaigh, más infheidhme):

……………………………………………………………………………………..……………………..

CUID G: Caomhnú sonraí

Maidir leis na sonraí a iarradh (cuir tic sa bhosca cuí agus comhlánaigh, más infheidhme):

□ déanfar iad a chaomhnú nó go dtabharfar sonraí ar aird nó go dtí go léireoidh an t-údarás eisiúna nó an t-údarás forfheidhmithe nuair is infheidhme, nach bhfuil gá a thuilleadh le sonraí a chaomhnú ná a thabhairt ar aird

□ ní dhéanfar iad a chaomhnú ó tharla nach féidir iad a aithint ón bhfaisnéis a cuireadh ar fáil san EPOC / EPOC-PR.

CUID H: Sonraí an tsoláthraí seirbhíse / a ionadaí dhlíthiúil

Ainm an tsoláthraí seirbhíse / a ionadaí dhlíthiúil:….…………………….…………………………

Ainm an duine údaraithe:…………………………………………………………………

Stampa oifigiúil (má tá sé ar fáil) agus síniú:……………………………………………...……